

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*

**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidrín gach Domhnach**

**@ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

**Tuarastal an tSagairt don Fhómhair**

ag teacht isteach anois. Clúdaigh breise ar fáil ar na boird do dhaoine nach dtógann an bosca.

**Míle buíochas as a bheith flaithiúil i gcónaí sna bailiúcháin.**

Traenáil Feasachta ar an Néaltrú / HSE Dementia Awareness Training

Beidh Traenáil Feasachta ar an Néaltrú ón HSE ar siúl ar 16ú Meán Fómhair, ó 7:00pm go 8:30pm, in An Crompán, An Cheathrú Rua.

Le tuilleadh eolais nó le clárú, cuir glaoch ar Peter ar 085 2675863.

*HSE Dementia Awareness Training will take place on 16th September, from 7:00pm to 8:30pm, in An Crompán, Carraroe.*

*For more information or to register, contact Peter on 085 2675863.*

**IS BEANNAITHE TEACH DÉ**

Is beannaithe teach Dé,
Is beannaímid fhéin dhó,
Mar a bhfuil sé leis an dá aspal déag.
Go mbeannaí Mac Dé dhúinn.
Is beannaithe thú, a Athair bheannaithe.
Is beannaithe thú, a Mhic an Athar bheannaithe.
Is beannaithe thú a theampaill an Sprid Naoimh.
Is beannaithe thú, a eaglais na Tríonóide.

**RÉIR DÉ GO NDÉINEAM**

Réir Dé go ndéineam
Agus beatha na Naomh go dtuilleam,
Solas na bhFlaitheas go bhfeiceam
Agus glóire na n-aingeal go gcloiseam.




Féile John Ford · An Spidéal, Co n Gaillimhe
11 – 13 Meán Fómhair 2026
feilejohnford.com



# Paróiste An Spidéil

## 23ú Domhnach A

### 5ú/6ú Meán Fómhair 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie

Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie

Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 -2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### ⌖ *Cill Éinde, Spidéal*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 6ú | 11.00r.n. | Stiofán Ó Céidigh & a ghar -iníon Ruby *Maigh Cuilinn/Sasana*<br>Pat, Mary & Michael Donoghue agus Marie Sarsfield *Páirc*<br>Paul Schafer **5ú Cuimhneachán** *Springfield , Illinois* |
| Dé Céadaoin | 9ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* |
| Déardaoin | 10ú | 10.00r.n | |
| Dé hAoine | 11ú | 10.00r.n. | |
| Dé Domhnaigh | 13ú | 11:00r.n. | Pádraic Ó Conghaile & a thuismitheoirí *Bothúna*<br>Baibín Uí Churridhín **Céad Cuimhneachán** *Cnocán Glas*<br>Seamas Ó Cualáin **20ú Cuimhneachán** *Spidéal/Baile Nua, Longfort*<br>Margaret Folan, *Baile Ard*<br>Seán Ó Cualáin, (John Jamsie) a bhean Ellie, agus mhac Seán *Sráid Bhaile an Spidéal* |

### ⌖ *Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 5ú | 6.30i.n. | Carmel Ridge *Na Doireadh*<br>Joe Joe & Catherine Ridge *Tir an Fhia*<br>Coilín Johnny Mac Donnacha, a bhean Eileen & a gclann. *Ros a'Mhíl* |
| Dé Sathairn | 12ú | 6:30i.n. | Pádraic & Sara Donoghue , agus dhá mhac Pádraic & Matt *Ros a'Mhíl* |

### ⌖ *Cill Mhuire, Na Minna*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 6ú | 9:30am | Máire Bhaba Nic Dhonncha & a fhear Seán & muintir ar fad *Béal an Átha* |
| Dé Domhnaigh | 12ú | 9:30am | |



**Loinneog don Iontróid—** Sm 118:136, 124
Is cóir thú, a Thiarna, agus is díreach é do bhreithiúnas; déan beart de réir do mhaitheasa i gcúis do ghiolla, a Thiarna.

**Gníomh Aithrí**
A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**tri mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia, fuaireamar slánú uait agus ghlac tú linn mar chlann. Féach go lách ar do chlann ionúin; go dtugtar saoirse cheart agus oidhreacht shíoraí don mhuintir a chreideann i gCríost. Sin é ár nguí chugat tríd an Íosa Críost céanna do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa, mar aon leis an Spiorad Naomh, ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar Ezícéal fáidh – 33:7-9*
Tháinig briathar an Tiarna chugam: 'A mhic an duine, tá tusa ceaptha agam mar gharda do mhuintir Israél; aon uair a chluineann tú focal uaimse, cuir ar a bhfaichill iad thar mo cheannsa. Má deirim le drochdhuine: "A dhrochdhuine, éagfaidh tú gan teip," agus nach dtugann tusa rabhadh dó iompú ó bhealach a aimhleasa, gheobhaidh an drochdhuine sin bás de bharr a pheaca, ach cuirfidh mé an fhreagracht ortsa. Ach má thugann tú rabhadh don drochdhuine iompú óna aimhleas agus nach n-iompaíonn sé, gheobhaidh sé bás de bharr a pheaca, ach tabharfaidh tusa do bheatha slán.' *Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 94

*Fr: Á, dá n-éistfeadh sibh lena ghuth inniu:*
*'Ná calcaigí bhur gcroí.'*

1. Tagaigí, déanaimis gairdeas don Tiarna,
tógaimis gártha áthais do Charraig ár slánaithe.
Tagaimis ina láthair le moltaí,
déanaimis gairdeas dó le laoithe. *(Fr)*

2. Tagaigí, adhraimis agus sléachtaimis,
feacaimis ár nglúine don Tiarna a rinne sinn.
Óir is é ár nDia é, agus is sinne
pobal a aoireachta agus caoirigh a lámh. *(Fr)*

3. Á, dá n-éistfeadh sibh lena ghuth inniu:
'Ná calcaigí bhur gcroí mar a tharla i Meríba,
mar a tharla an lá úd ag Masa san fhásach
mar ar chuir bhur n-aithreacha cath orm,
mar ar thriail siad mé cé go bhfaca siad m'obair.'
*(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh – 13:8-10*
A bhráithre, ná bíodh fiacha ar bith ag aon duine oraibh ach amháin fiacha an ghrá dá chéile. Mar an té a bheir grá dá chomharsa tá an Dlí comhlíonta aige. Na haitheanta úd: 'Ná déan drúis,' 'ná déan marú,' 'ná déan goid,' 'ná santaigh,' agus aon aithne eile dá bhfuil ann, tá coimriú déanta orthu go léir san abairt seo: 'Gráigh do chomharsa mar thú féin.' Ní dhéanann an grá aon olc ar an gcomharsa agus, dá bhrí sin, is é an grá comhlíonadh an Dlí.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
'Thug mé cairde oraibh,' a deir an Tiarna, 'óir gach ar chuala mé ó m'Athair, chuir mé in iúl daoibh é.'
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Matha 18:15-20*
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Dúirt Íosa lena dheisceabail: 'Má dhéanann do bhráthair peaca i d'aghaidh, gabh chuige á áiteamh air is gan ann ach é agus thú. Má éisteann sé leat, tá tú tar éis do bhráthair a thabhairt leat; ach mura n-éisteann, beir leat duine nó beirt eile, chun go mbeadh focal a dó nó a trí d'fhinnéithe ag deimhniú gach scéil. Má dhiúltaíonn sé éisteacht leo sin, inis don chomhthionól é; agus má dhiúltaíonn éisteacht leis an gcomhthionól féin, bíodh sé ina phágánach agus ina phoibleacánach agat.

'Deirim libh go fírinneach, gach uile ní a cheanglaionn sibh ar talamh beidh siad ceangailte ar neamh, agus nithe ar bith a scaoilfidh sibh ar talamh beidh siad scaoilte ar neamh.

'Agus deirim go fírinneach rud eile libh, má bhíonn beirt agaibh ar talamh ar aon aigne faoi rud ar bith a bhíonn le hiarraidh acu, beidh sé le fáil acu ó m'Athair atá ar neamh. Óir, mar a mbíonn beirt nó triúr tagtha i gceann a chéile i m'ainmse, bím féin ansin ina measc.'
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***Seanmóir & Guí an Phobail***

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi**
**Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus**
**adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**
A Dhia na dúthrachta agus na síochána, go ndéana ár n-íobairt an urraim agus an onóir is dual a thabhairt duit; go n-aontaítear sinn féin go dílis le chéile trínár bpáirt san Aifreann naofa. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

PAIDIR EOCAIRISTEACH
*Go raibh anTiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Tógaigí bhur gcroíthe in airde.*
**Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.**
*Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.*
**Is ceart agus is cóir sin.**

**Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.**
**Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.**
**Hósanna sna harda.**
**Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.**
**Hósanna sna harda.**

Rúndiamhair an chreidimh.
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

## *Deasghnáth na Comaoineach*

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
**Ar nAthair atá ar neamh......**

**A Uain Dé, a thógann peacai an domhain, déan trócaire orainn…………**

**Iarchomaoineach**
A Thiarna, tugann tú bia agus beatha dúinn ó bhord do bhriathair agus do shacraiminte. Go dté tabhartas do Mhic mhuirnigh chun tairbhe dúinn agus go seola sé chun na beatha síoraí sinn i bpáirt leis féin. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**

*Go raibh an Tiarna libh*. **Agus le do spiorad féin.**

*Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh*. **Amen.**

*Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha.* **Buíochas le Dia.**